

IRMM-352

Údar: Liesbet de Baets

An Coimisiún Eorpach - Airmheán

Comhpháirteach Taighde

An Institiúid Ábhar Tagartha agus Tomhas
(IRMM)

Retieseweg 111, 2440 Geel, an Bheilg

Ríomhphost: jrc-irmm-info@ec.europa.eu



1. Tástáil láithreachta / neamhláithreachta

Dá chur i bhfeidhm sna tástálacha láithreachta/neamhláithreachta, déan anailís ar dhá fhial den CRM ar a laghad. Cuir sféir ar phláta agus gor iad faoi mar a mhínítear sa deimhniúchán de réir na dtreoracha úsáide. Áirigh aonaid bhunaithe coilíneachta (abc) in aghaidh an phláta agus déan meastóireacht ar thorthaí bunaithe ar luachanna abc aonair in aghaidh an fhéil anailísithe. Gheofar pasmharc sa tástáil más rud é i gcás gach sféir ábhair go dtagann an toradh laistigh den eastramh muiníne 95% atá sonraithe le haghaidh an CRM (5 ± 2 NA, 4 ± 2 XLD). Gheofar teip sa tástáil mura dtagann na luachanna abc faighte laistigh de na teorainneacha sin.

2. Bailíochtú modha

Má bhaintear leas as an CRM le haghaidh bailíochtú modha nó chun meán a thástáil, ba cheart cur chuige comhchosúil a chur i bhfeidhm amhail an ceann a úsáideadh do dheimhniúchán na baisce. Teastaíonn tomhas líon iomchuí fial CRM chuige sin, íosmhéid 15 i gcomhréir le líon na bhfial CRM a ndearnadh anailís orthu le linn an staidéir thréithrithe (alt 5.2 den tuarascáil deimhniúcháin). Ba cheart go mbunófaí tástáil ar phatrúin (histeagraim) na dtorthaí a fuarthas sa tsaotharlann, agus le linn deimhniúcháin seachas ar na meánluachanna abc. Cuirtear an histeagram a fuarthas sa tsaotharlann i gcomparáid leis an dáileadh hipirgeoiméadrach a fuarthas i leith na sonraí homaigineachta agus tréithrithe baisce (fíor a haon) agus ríomhtar luach chi-chearnóige. Déantar rath an

bhailíochtaithe a mheasúnú ón luach chi-chearnóige sin i dtaca le teorainneacha criticiúla. Theip ar an tsaotharlann sa bhailíochtú modha murarbh ionann a luach agus an luach criticiúil. Is féidir teacht ar mhíniú mionsonraithe i leith na staitisticí sa tuarascáil deimhniúcháin.



Fíor 1: Léiriúchán de na luachanna breathnaithe (histeagraim) agus na luachanna abc ionchais (dáileadh hipirgeoiméadrach) a fuarthas i leith homaigineachta agus tréithríú baisce de réir áireamh coilíneachta ar NA agus XLD. Is le saighdeada a thásctar meánluachanna abc.